



An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

TUARASCÁIL BHLIANTIÚIL NA BLIANA 2016 ÓN ROINN POST, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA I DTACA LE HALT 22 DON ACT UM NOCHTADH COSANTA 2014.

Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí, i gcomhéir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, tuarascáil bhliantiúil a fhoilsiú ina ndéantar cur síos ar líon na nochtaithe cosanta a fuarthas le linn na bliana roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh dá bharr (más ann dó). Níor cheart go mbeadh daoine a dhéanann nochtadh inaitheanta mar thoradh ar an tuarascáil seo.

Seo tuarascáil bhliantiúil na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2016.

Ardaíodh ceithre chás nochtadh cosanta leis an Roinn/an Aire le linn tréimhse na tuairisce seo.

Bhain ceann de na cásanna seo le ceist a d'ardaigh fostaí de chuid na Roinne agus a cuid Oifigí. Bhain sé le feidhmiú gnó i rannóg áirithe de chuid na Roinne/Oifigí. Cuireadh an cheist seo faoi bhráid oifigeach sinsearach de chuid na roinne sa bhliain 2015 cheana féin, agus d'fhiosraigh tríú páirtí neamhspleách an scéal. Frítheadh nár dearnadh aon rud as bealach.

I measc na gcásanna eile a ardaíodh bhí:

- Ceist ó dhuine seachtarach maidir le Sábháilteacht agus Sláinte in áit oibre ar leith, a d'eascair as freagracht na Roinne as cúrsaí Sábháilteachta agus Sláinte ag an Obair. Cuireadh an cheist seo ar aghaidh lena fhiosrú chuig an Údarás um Sláinte agus Sábháilteachta ag an Obair, an chomhlacht reachtúil atá freagrach as dlí Sláinte agus Sábháilteachta na tíre a chur i bhfeidhim. Tugadh le fios, i scríbhinn, don té a d'ardaigh an scéal go raibh baint ag an Údarás um Sláinte agus Sábháilteachta ag an Obair leis an scéal, agus le pé toradh a bheadh ar fhiosrú a thiocfadh faoi shainchúram an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.
- Comhfhreagras ó dhuine seachtarach maidir le Nochtadh Cosanta a rinneadh chuig Aire i Roinn eile, maidir leis an mbealach in ar caitheadh leis an duine sin mar fhostaí de chomhlacht atá faoi choimirce an Roinn eile. Cuireadh in iúl don duine seo i scríbhinn gurb'í an Roinn a fuair an nochtadh cosanta sa dara háit an Roinn ar cheart di an cheist a chíoradh.
- Imní leirithe ag fostaí i ngníomhaireacht de chuid na Roinne maidir le cleachtais oibre áirithe sa ngníomhaireacht sin. Tar éis sracfhéachaint a thabhairt ar na sonraí, deimhníodh nach mba éagóir ábhartha le Nochtadh Cosanta a bhí i gceist. Tugadh an méid seo le fios don ghearánaí.

Tá athbheithnú neamhspleách seachtarach ar bun maidir le ceist a d'ardaigh fostaí de chuid na Roinne agus Oifigí, a tuairiscíodh i dtuarascáil bhliantiúil 2014/2015 i gcomhréir le Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Mí Meithimh 2017